Bealtaine 2024

Uisce Éireann
Irish Water

Tuarascáil

# Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050

## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST): Tuarascáil Timpeallachta - Aguisíní

# Ár n-uisce a chosaint dár dtodhchaí

Má tá ceist ar bith agat nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil linn:

**Teagmháil sonraí**

**Gréasán:**
**www.water.ie**

**Twitter:**
**@IWCare**

Uisce Éireann
Bosca Oifige Poist 860
Oifig Seachadta na Cathrach Theas
Cathair Chorcaí

**Fiosruithe agus aiseolas ón gcomhairliúchán**

**9rn–5.30in, Luan–Aoine**

**Ríomhphost:**

wssp@water.ie

**Post:**

An Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce, Uisce Éireann,

BOSCA Oifig Poist 13216, Gleann na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath

**Saorghlao:**

**1800 46 36 76**

© Cóipcheart 2024 Jacobs Engineering Ireland Limited. Is faoi úinéireacht Jacobs na coincheapa agus an fhaisnéis sa doiciméad seo. Is ionann cóipeáil an doiciméid seo ina iomláine nó i bpáirt gan chead i scríbhinn ó Jacobs agus sárú cóipchirt.

Teorainn: Ullmhaíodh an tuarascáil seo, ar son, agus le haghaidh úsáid eisiach Chliant Jacobs (Uisce Éireann), agus tá sé faoi réir ag forálacha an chonartha idir Jacobs agus an Cliant, agus eisítear é i gcomhréir leis na forálacha sin. Ní ghlacann Jacobs le dliteanas ar bith maidir le húsáid ar bith na tuarascála seo, nó maidir le spleáchas ar a bhfuil ann, ag tríú páirtí.

# Aguisín A Freagraí Comhairliúcháin Scóipe MST

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| **An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)** | | | | |
| 1. | Réimsí tosaíochta, infheistíocht i bhfuíolluisce, infheistíocht in uisce óil: Ní mór do PSSU 2050 machnamh a dhéanamh ar conas a réiteofar na saincheisteanna seo. | Uisce óil Fuíolluisce | Dréacht PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 2 | Ba cheart go mbeadh PSSU 2050 ag teacht leis an athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála, atá ar siúl faoi láthair. Agus Uisce Éireann ag déanamh infheistíochta in acmhainn bonneagair fuíolluisce agus uisce óil, ní mór dó a chur san áireamh go bhfuil an bonneagar sin i gcomhréir le pleanáil forbraíochta. Ba cheart d' Uisce Éireann dul i mbun plé leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le bainistíocht straitéiseach acmhainne le haghaidh eastáit nua tithíochta. | Uisce óil Fuíolluisce | Dréacht PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín V** |
| 3 | 1. Ba cheart go léireodh comhtháthú an MST agus PSSU2050 cuspóir foriomlán Threoir MST"chun foráil a dhéanamh do leibhéal ard cosanta don timpeallacht agus chun cur le comhtháthú breithnithe timpeallachta in ullmhú agus i nglacadh pleananna agus clár d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn".<br>Is den ríthábhacht é go n-aithníonn an MST a chasta agus a leithne agus atá an aeráid, cáilíocht agus cainníocht uisce, saincheisteanna timpeallachta agus sláinte agus go n-aithníonn sé an gá atá le spriocanna agus bearta cuí sa phlean, ar féidir iad a bheith mar | Uisce óil Fuíolluisce | Dréacht PSSU2050/ MST | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C**<br>Tá an Plean meáite ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Plean Gníomhaíochta Timpeallachta agus Plean monatóireachta a chur i bhfeidhm, agus tabharfar faoi seo mar chuid chomhtháite de na céimeanna monatóireachta agus aiseolais atá leagtha amach i **ndréacht PSSU 2050 Alt 9 agus 10.** |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | chuid de chur chuige comhtháite maidir le soláthar seirbhísí sásúla fuíolluisce agus uisce óil. | | | Déanann an plean monatóireachta tagairt do agus tugann sé aird ar dhea-chleachtas atá leagtha amach in 'Srathú ar Mheasúnacht Timpeallachta– Tionchar an MST ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta ag Leibhéal Tionscadail' (GCC, 2021d), Treoir ar Ráitis agus Monatóireacht ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (GCC, 2023a).<br>Aithníonn an MST a chasta agus a leithne agus atá na hábhair thimpeallachta, mar a phléitear in **Alt 5.8 de MST ER** ar ábhair idirghaolmhara MST. |
| 4. | 2. Ba cheart gach moladh ón bpróiseas MST agus MC a fhí isteach sa phlean. Ba cheart go n-áireofaí le PSSU 2050 caibidil ina leagfaí amach conas a chuirfí moltaí agus bearta maolaithe an MST san áireamh sa phlean. Ba cheart tábla achoimre le príomhthorthaí an MST a chur san áireamh. | Príomhthorthaí – Moltaí agus bearta maolaithe | PSSU 2050 | Tá an Plean meáite ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Plean Gníomhaíochta Timpeallachta (PGT) agus Plean monatóireachta a chur i bhfeidhm, agus tabharfar faoi seo mar chuid chomhtháite de na céimeanna monatóireachta agus aiseolais atá leagtha amach i n**dréacht PSSU 2050 - Alt 9 agus 10** den Phlean. Ba cheart tábla achoimre le príomhthorthaí an MST a chur san áireamh sa Phlean.<br>Na hailt mholta a chur i ngníomh. |
| 5. | Maidir le rannpháirtíocht phoiblí, bheadh sé úsáideach dul i mbun plé leis an bhfoireann taighde sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath atá ag tabhairt faoi thionscadal taighde – Rannpháirtíocht an phobail agus critéir feidhmíochta sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta: An Bealach Chun Cinn i dtaobh Cleachtas a Chur Chun Cinn Is éard a bhí i gceist leis an | Rannpháirtíocht phoiblí - comhoibriú | MST | Comhoibriú/Tugtha faoi deara. Rinne COBÁC teagmháil le hUisce Éireann ina leith seo agus anois tá siad i mbun plé le pearsanra ábhartha dá chuid.<br>Rinne Foireann an Tionscadail athbhreithniú ar an gcur chuige comhairliúcháin don Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | taighde sin ná athbhreithniú ar litríocht idirnáisiúnta faoi dhea-chleachtas rannpháirtíochta pobail, agallaimh náisiúnta/idirnáisiúnta le cleachtóirí MST, pleanálaithe agus saineolaithe rannpháirtíochta, suirbhé idirnáisiúnta ar líne chomh maith le tástáil phíolótach ar chuir chuige nuálacha rannpháirtíochta i leith MST i gcomhar le húdaráis áitiúla. Is í an Dr Ainhoa González i UCD an príomhthaighdeoir don tionscadal (Ainhoa.gonzalez@ucd.ie).<br>Chomh maith leis sin, úsáideach cur chuige idirghníomhach sa chomhairliúchán poiblí a bhí ar siúl le déanaí maidir le tuarascáil timpeallachta MST agus dréacht-Phlean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta II, agus d'fhéadfadh an cur chuige sin a bheith faisnéiseach d'Uisce Éireann i dtaca le bhur gcomhairliúchán poiblí maidir leis an dréachtphlean. | | | gCósta ach ní mheastar go bhfuil an cur chuige oiriúnach don phlean ardleibhéil seo agus don MST agus is ar sholáthar dearaidh ghrafaigh agus cur i láthair soiléir atá an fócas. Déanfar an úsáid a bhaintear as cineálacha cur chuige digiteacha chun tacú le rannpháirtíocht a mheas le haghaidh na ngníomhaíochtaí leis an sruth a shainaithnítear sa phlean nuair is cuí, go háirithe sa chás ina mbíonn tacaíocht léarscáilithe riachtanach agus ina ndéantar roghanna infheistíochta sonracha a mheas. |
| 6. | Ba cheart go n-áireofaí le cuspóirí MST, atá ar fáil in Alt 5 Modheolaíocht MST den tuarascáil scóipe, gealltanais níos láidre ó thaobh gníomhaíochta de. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí an MST ionas go mbeadh foclaíocht níos gonta agus níos deifnídí ar fáil ann. Mar shampla, deirtear an méid seo a leanas sa chuspóir MST maidir leis an timpeallacht uisce,<br>"....Cur le coinníoll "gan mheathlú" an CTU agus, nuair is féidir, stádas dobharlaigh a chur ar ais mar a bhí agus a fheabhsú i gcás aibhneacha, lochanna, ....". Is ceanglas dlíthiúil den Chreat-Treoir Uisce é cáilíocht uisce a athbhunú agus a fheabhsú. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuspóir MST seo, agus ar chuspóirí eile a bhfuil an fhoclaíocht chéanna | Spriocanna MST | MST | Leasú: Rinneadh nuashonrú ar chuspóirí MST chun aghaidh a thabhairt ar thráchtanna. |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | iontu, chun foclaíocht níos gonta agus níos deifnídí a chuimsiú. | | | |
| 7. | D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil taighde le déanaí ar fhorbairt uirlisí fhaire na fáistine a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh breise d'Uisce Éireann maidir le hiarmhairtí PSSU 2050 a mheas ar bhonn meántéarmach go fadtéarmach. Is é an t-aschur ón taighde ná "Faire na Fáistine – Leideanna agus Seifteanna: Treoir phraiticiúil".<br>Ba chóir go ndéanfaí tagairt i dTuarascáil Timpeallachta MST do réimse iomlán na n-éifeachtaí agus don limistéar ar baolach go mbeidh sé thíos leis. Ba cheart go scrúdódh an mheasúnacht seo fad agus minicíocht na n-éifeachtaí chomh maith le héifeachtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, carnacha agus sineirgisteacha an phlean. Treoir Dea-Chleachtais an GCC ar Mheasúnacht ar Éifeachtaí Carnacha i dtaobh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST, 2020). | Measúnacht - Iarmhairtí | MST | Cuireadh faire na fáistine san áireamh mar ghníomh i ndréacht PSSU 2050<br>Soiléiriú: Déantar tagairt i measúnacht tuarascála Timpeallachta MST do Threoir Dea-Chleachtais an GCC ar Measúnacht ar Éifeachtaí Carnacha i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (GCC, 2020b) mar phríomhthreoir in **Alt 6** de Thuarascáil Timpeallachta an MST. Tugtar aghaidh i dTuarascáil Timpeallachta an MST ar éifeachtaí carnacha féideartha thar limistéir phlean, ina n-aithnítear éifeachtaí carnacha agus/nó tionchair shineirgisteacha a bhfuil droch-thoradh orthu sa Phlean, agus leagann sé gealltanais amach freisin le haghaidh tuilleadh imscrúdú ag leibhéal íochtair an phlean agus leibhéal an tionscadail agus chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí, lena n-áirítear éifeachtaí carnacha féideartha.<br>Aithnítear i measúnacht an MST SEA a uaillmhianaí agus atá an plean ach é a chur i bhfeidhm áfach |
| 8. | Ba cheart go mbeadh na nithe seo san áireamh in Alt 4 agus in Aguisín B:<br>• An Dréacht-Phlean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta II (tá an dréacht ar siúl) | PPP[1] | MST | Áiríodh iad go léir in athbhreithniú PPP agus orthu sin atá curtha le h**Aguisín** B tá: An Dréacht-Phlean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta II, an tAcht um |

[1]Beartais, Pleananna agus Cláir Ábhartha

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | • An tAcht um Dhumpáil ar Farraige, arna leasú.<br>• Plean Gníomhaíochta um Thruailliú Nialais<br>• Plean Forfheidhmithe na Straitéise Foraoise 2023-2027<br>• An Treoir um Astaíochtaí Tionscail agus a reachtaíocht trasuímh<br>• Prótacal Chív (MST)<br>• Dlí Eorpach um an Aeráid | | | Dhumpáil ar Farraige Athbhreithnithe, an Plean Gníomhaíochta um Thruailliú Nialais, Straitéis Foraoise 2023-2030, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Forbairt Ainmnithe) na Rialacháin um Astaíochtaí Tionscail) (Ceadúnú), 2023, Prótacal Kyiv (SEA) agus an Dlí Aeráide Eorpach |
| 9. | Ba cheart go mbeadh foilseachán an GCC ar Roghanna Eile a Fhorbairt agus a Mheasúnú in MST ina chabhair maidir le cineálacha cur chuige féideartha a chinneadh chun roghanna eile a mheas. Is fiúntach athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna eile a scrúdaíodh don leagan roimhe seo den phlean, le fáil amach an bhféadfaidís a bheith cabhrach chun eolas a thabhairt do bhreithniú agus roghnú roghanna eile a bhaineann leis an MST do PSSU 2050. | Measúnacht - Roghanna Malartacha | MST | Scrúdaíodh ‘Roghanna Eile a Fhorbairt agus a Mheasúnú in MST’ *GCC, 2015) de chuid an MST sa GCC. Áirítear in **Alt 6** de thuarascáil Timpeallachta MST an tuarascáil mar an phríomhthreoir le scrúdú.<br>Soiléiriú. Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige roimhe seo maidir le roghanna malartacha mar phointe tosaigh agus dhírigh sé seo ar ‘phlean comharbais’ a bhí go bunúsach ina chás gan an PSSU. Cuirtear é seo san áireamh i ndáiríre don phlean seo mar Ghnó mar is Gnách nó leanúint den chleachtas reatha gan PSSU 2050. Rinneadh roghanna eile a mheas go mion mar chuid den chur chuige a úsáideadh. Cuireadh an treoir ón GCC san áireamh agus rinneadh roghanna eile féideartha a mheas d’fhonn teacht ar roghanna eile réasúnta, agus rinneadh é sin i gcás gach gnímh seachas ar scála an phlean iomláin. Ba é an aidhm féachaint le feabhas a chur ar dhréacht-mholtaí PSSU 2050 agus cur leo. |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| 10. | Scóip an MST I gcás go bhfuil sé beartaithe bearta molta in PSSU 2050 a chur chun feidhme trí phleananna eile, a bhí nó a bheidh faoi réir MST iad féin, ba chóir é sin a mhíniú sa Tuarascáil Timpeallachta agus é a chur san áireamh sa mheasúnacht.<br>Nuair a chuirfear moltaí ar leith chun feidhme go díreach, ba chóir tuilleadh sonraí a sholáthar sa Tuarascáil Timpeallachta agus in PSSU 2050 maidir leis na measúnuithe timpeallachta ábhartha atá le déanamh ag céim an tionscadail agus bearta maolaithe ábhartha atá le cur i bhfeidhm, de réir mar is cuí. B'fhéidir go mbeadh fiúntas ann leis an gceist seo a iniúchadh tuilleadh leis na hÚdaráis Chomhshaoil ábhartha le linn ullmhúchán PSSU 2050 agus Thuarascáil Timpeallachta an MST. | Bearta maolaithe | MST | Soiléiriú. Maidir le gach gníomhaíocht mholta, déantar scrúdú ar an mbealach a gcuirfear i bhfeidhm í agus cá háit a bhfuil gá le pleananna ag leibhéal níos ísle agus cibé an raibh nó an mbeidh siad seo faoi réir ag measúnachtaí timpeallachta MST/MC agus ag leibhéal tionscadail. |
| 11. | Comhairliúchán trasteorann: Ba cheart dul i mbun comhairliúchán trasteorann le húdaráis timpeallachta i dTuaisceart Éireann nuair a aithnítear gur baolach go mbeidh éifeachtaí trasteorann suntasacha ann. Chuige sin, ba cheart ceanglais ábhartha phrótacal1 MST faoi Choinbhinsiún ESPOO a mheas, le haghaidh aon chomhairliúcháin trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann le Ballstáit nach Ballstáit den AE iad. | Tionchair thrasteorann | MST | Soiléiriú. Toisc go bhfuil an deis ann comhéadan a dhéanamh le Tuaisceart Éireann agus go bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith ann, eiseofar Tuarascáil Scóipe an MST freisin chuig Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann (RTCGT) le haghaidh comhairliúchán maidir le héifeachtaí timpeallachta trasteorann. |
| 12. | Bearnaí Sonraí agus Eolais Ba cheart go n-aithneofaí in PSSU 2050 aon bhearnaí suntasacha sonraí agus eolais, lena n-áirítear gealltanais chun aghaidh a thabhairt orthu ar bhonn tosaíochta agus nuair is ábhartha, i gcomhar le heagraíochtaí/ranna rialtais eile, le linn chéim forfheidhmithe an phlean. Déantar é seo d'fhonn | Bearnaí Sonraí agus Eolais | PSSU 2050 | Soiléiriú. Aithnítear go bhfuil bearnaí sonraí ag leibhéal ard agus tugtar aghaidh ar na bearnaí tábhachtacha trí na gníomhaíochtaí atá beartaithe.<br>Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | an bonn fianaise a neartú le haghaidh athbhreithnithe agus athleagain ar an bplean amach anseo. | | | |
| 13. | Monatóireacht, Cur chun Feidhme agus Tuairisciú Ba cheart go n-áireofaí i dtuarascáil timpeallachta MST cur síos ar na bearta atá beartaithe maidir le monatóireacht. Ba cheart go mbeadh gealltanas in PSSU 2050 chun an clár monatóireachta timpeallachta MST agus an tuairisciú gaolmhar a chur chun feidhme.<br>Ba cheart go mbeadh gealltanas in PSSU 2050 chun an clár monatóireachta timpeallachta agus an tuairisciú gaolmhar a chur chun feidhme. Moltar rannóg ar leith ar 'Monatóireacht, Cur chun feidhme agus Tuairisciú' a áireamh sa Phlean, ina leagfar amach na forálacha maidir le monatóireacht agus tuairisciú ar chur chun feidhme an Phlean.<br>Chun dúbailt i mbailiú sonraí a sheachaint, ba cheart na táscairí céanna a úsáid le haghaidh na monatóireachta a bhaineann leis an bplean agus leis an MST, nuair is féidir. | Maolú agus monatóireacht | PSSU 2050 /MST | Soiléiriú. Tá an Plean meáite ar Mheasúnacht Gníomhaíochta Timpeallachta (MST) agus Plean Gníomhaíochta Timpeallachta agus Plean Monatóireachta a chur i bhfeidhm, agus tabharfar faoi seo mar chuid chomhtháite de na céimeanna monatóireachta agus aiseolais atá leagtha amach in **Alt 10 agus 11 de dhréacht PSSU 2050.**<br>Tá an plean monatóireachta agus cur síos ar na bearta atá i gceist san áireamh in **Alt 9** de Thuarascáil Timpeallachta MST. |
| 14. | Comhtháthú le Príomhphleananna agus Príomhchláir eile: Moltar scéimléaráidí a chur san áireamh sa phlean agus i dTuarascáil Timpeallachta an MST araon, rud a léireoidh<br>na naisc agus na príomh-idirghaolmhaireachtaí le príomhphleananna náisiúnta, réigiúnacha, earnála agus timpeallachta ábhartha eile m.sh. An Creat Náisiúnta Pleanála, srl. Léireoidh sé seo ar bhealach soiléir na naisc idir na príomhbheartais náisiúnta agus na príomhphleananna a bhaineann le huisce, le talmhaíocht agus leis an timpeallacht. | Comhtháthú le Príomhphleananna agus Príomhchláir eile | PSSU2050/MST | Leasaigh. Scéimléaráid nuashonraithe ar idirghníomhaíochtaí idir pleananna sa Phlean agus doiciméid mheasúnachta.<br>Cuirtear liosta cuimsitheach de bheartais, de phleananna agus de chláir ábhartha ar fáil in **Aguisín B de Thuarascáil Timpeallachta an MST**. Déantar an phríomh-reachtaíocht, na príomhbheartais agus na príomhpleananna nach mór a chur san áireamh in PSSU 2050 agus sa mheasúnacht comhshaoil a mheas **in Alt 4 de Thuarascáil Timpeallachta an MST.** |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| **Comhairle Contae na Mí** | | | | |
| 15. | Toradh 9 an Creata Náisiúnta Pleanála a Scrúdú "Tá gá le foinse soláthair uisce fadtéarmach nua do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, lena n-áirítear Limistéar Soláthair Uisce Bhaile Átha Cliath (DWSA), faoi lár na 2020idí, chun soláthar a dhéanamh d'fhás réamh-mheasta suas go dtí 2050 agus chun cur le seasmhacht agus slándáil soláthair don réigiún" agus "Comhlíontacht i dtaobh riachtanais na Treorach Uirbigh WW a mhéadú ó 39% faoi láthair go 90% faoi dheireadh 2021, go 99% faoi 2027 agus go 100% faoi 2040" (lch 148). | Comhtháthú le Príomhphleananna agus Príomhchláir eile | PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** Clúdófar tionscadail shonracha a bhaineann le freastal ar an éileamh i bpleananna Leibhéal 2. |
| 16. | Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a Scrúdú RPO6.17, RPO7.10, RPO7.11, RPO7.12, RPO10.4, RPO10.6, RPO10.8, RPO10.9, RPO10.10 | Comhtháthú le Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre | PSSU 2050 | Tá fócas réigiúnach i gceist leis an doiciméad dá dtagraítear agus dá bhrí sin chlúdófaí é i bpleananna Leibhéal 2 mar atá clúdaithe i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 17. | Plean Forbartha Chontae na Mí 2021 – 2027 a Scrúdú: "Chun seirbhísí uisce, fuíolluisce, uisce dromchla agus maolaithe tuilte a fhorbairt, a chosaint, a fheabhsú agus a leathnú ar fud an Chontae agus chun tús áite a thabhairt do sholáthar bonneagair seirbhísí uisce chun an straitéis iomlán i dtaobh fás socheacnamaíoch agus daonra a chothú agus chun chur leis agus chun cosaint fheabhsaithe ar an timpeallacht a bhaint amach. Ní mór na feabhsuithe seirbhíse seo a mheas i gcomhthéacs aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá leis an athrú aeráide ach spleáchas ar bhreoslaí | Comhtháthú le Plean Forbartha Chontae na Mí 2021 – 2027 – bonneagar seirbhíse uisce i gcomhthéacs athrú aeráide | PSSU 2050 | Tá fócas réigiúnach i gceist leis an doiciméad dá dtagraítear agus dá bhrí sin chlúdófaí é i bpleananna Leibhéal 2 mar atá clúdaithe i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | iontaise a laghdú agus astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú. Ní féidir deimhin a dhéanamh de na riachtanas timpeallachta seo a chinntiú ach trí ghníomhaíocht éifeachtach agus uaillmhianach ar fud na n-earnálacha go léir ina mbeidh gá le hathrú iompraíochta follasach inár sochaí.” | | | |
| 18. | INF POL 1 a Scrúdú: “Dul i mbun plé agus i mbun oibre i gcomhar le hUisce Éireann chun córais soláthair uisce a fhorbairt agus a uasghrádú lena chinntiú go bhfuil soláthar sásúil, inbhuanaithe agus eacnamaíoch maidir le huisce píopaí ar ardchaighdeán sa Chontae do gach úsáideoir”. | Comhtháthú le INF POL 1 – soláthar uisce óil | PSSU 2050 | Tá fócas réigiúnach i gceist leis an doiciméad dá dtagraítear agus dá bhrí sin chlúdófaí é i bpleananna Leibhéal 2 mar atá clúdaithe i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C.** |
| 19. | INF POL 11 a Scrúdú: “Dul i mbun plé agus i mbun oibre i gcomhar le hUisce Éireann le linn shaolré an Phlean maidir le soláthar, uasghrádú nó leathnú na gcóras bailithe agus cóireála fuíolluisce sa Chontae chun freastal ar dhaonraí agus ar fhiontar reatha agus pleanáilte amach anseo de réir riachtanais na gCroí-straitéisí agus Straitéisí Lonnaíochtaí.” | Comhtháthú le INF POL 11 - fuíolluisce | PSSU 2050 | Tá fócas réigiúnach i gceist leis an doiciméad dá dtagraítear agus dá bhrí sin chlúdófaí é i bpleananna Leibhéal 2 mar atá clúdaithe i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| **Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ)** | | | | |
| 20. | úsáid tacar sonraí SGÉ a mheas i bpróiseas an MST. Liosta maidir le Geo-oidhreacht, Screamhuisce, Mapáil Gheolaíochta, Geo-ghuaiseacha, Acmhainní Nádúrtha, Geocheimic ithreacha, uiscí dromchla agus dríodar, mianaigh stairiúla, aonaid fiseolaíochta. | Tacair sonraí SGÉ | Uile | Tá fócas réigiúnach i gceist leis an doiciméad dá dtagraítear agus dá bhrí sin chlúdófaí é i bpleananna Leibhéal 2 mar atá clúdaithe i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| **Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre** | | | | |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| 21. | Aithint go bhfuil sé d'oibleagáid ar UÉ faoin bPlean Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí CO2 le go mbeidís 50% tíosach ar fhuinneamh faoi 2030, agus Neodrach ó thaobh Carbóin de faoi 2040. | Comhlíontacht – Spriocanna Athraithe Aeráide | PSSU 2050 | Tá fócas réigiúnach i gceist leis an doiciméad dá dtagraítear agus dá bhrí sin chlúdófaí é i bpleananna Leibhéal 2 mar atá clúdaithe i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 22. | ídiú fuinnimh a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce a aithint | Fuinneamh | PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 23. | Ba cheart d'Uisce Éireann comhoibriú a lorg idir na páirtithe leasmhara ábhartha chun eolas a dhéanamh do réitigh amach anseo | Comhoibriú idir na páirtithe leasmhara | PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 24. | Díríonn straitéisí agus pleananna a bhaineann le geilleagar ciorclach a foilsíodh le déanaí ar uisce sa ghearrthéarma (2025 – 2030) agus úsáid uisce a fheabhsú agus seachaint dramhaíola sa mheántéarma (2030 – 2040). Díreoidh geilleagar ciorclach fadtéarmach (2040 – 2050) ar dhul chun cinn forásach na teicneolaíochta. | Geilleagar ciorclach | PSSU 2050 | Ráiteas ginearálta Ní theastaíonn aon ghníomhaíocht |
| 25. | Comhlíontacht Treo Fuíolluisce Uirbigh a mhéadú go 99% in 2027 agus 100% faoi 2040. | Comhlíontacht Treo Fuíolluisce Uirbigh | PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 26. | Is cosúil go bhfuil na 7 saincheist oiriúnach, ach ba cheart d'UÉ na nithe seo a leanas a scrúdú freisin:<br>a. slándáil bia<br>b. soláthar uisce le linn tréimhsí triomaigh an tsamhraidh<br>c. comhoibriú idir Poblacht na hÉireann agus TÉ mar gheall ar an gné thrasteorann den timpeallacht | Rannóg na gcásanna | Páipéar saincheistean na / PSSU2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | | | | |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| 27. | Is den ríthábhacht é mar sin go n-aithnítear go hiomlán an spleáchas socheacnamaíoch ar earnáil an bhia mara agus go gcuirtear san áireamh é i bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 chun an drochthionchar ar fhostaíocht agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a íoslaghdú. | Spleáchas socheacnamaíoch | Páipéar saincheistean na / PSSU2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 28. | Is mian leis an Roinn a thabhairt le fios gur gníomhaíochtaí fadtéarmacha, seanbhunaithe agus traidisiúnta iad iascaireacht mhara tráchtála agus dobharshaothrú sa timpeallacht mhuirí. Ní mór an mheastóireacht ar thionchair fhéideartha an Phlean Straitéisigh um Sheirbhísí Uisce 2050 ar ghníomhaíochtaí na hearnála bia mara a mheas i gcomhthéacs na riachtanas atá leagtha amach faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí agus faoin gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí. | Tionchar ar ghníomhaíochtaí na hearnála bia mara; comhlíontacht | MST/MC | Soiléiriú. Meastar go bhfuil an n Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (CNPM) agus an tAcht um Pleanáil Mhuirí lárnach maidir le comhthéacs an MST agus PSSU 2050 a shocrú. Tá an CNPM agus an tAcht um Pleanáil Mhuirí san áireamh in **Alt 4.1.1 agus in Aguisín B de Thuarascáil Timpeallachta MST.** |
| 29. | Moltar sa doiciméad ó BIM gur cheart an Plean Straitéiseach Náisiúnta um Fhorbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe a áireamh mar chuid den mheasúnacht charnach idirphlean agus gur cheart é a scrúdú agus an MST á dhréachtú. | Measúnacht charnach | MST/MC | Soiléiriú. Tá an Dréachtphlean Straitéiseach Náisiúnta maidir le Forbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe le bheith mar chuid den athbhreithniú ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (Aguisín B) agus déanfar é a scrúdú mar chuid den mheasúnacht charnach idirphlean. |
| 30. | Cothabháil agus cosaint uiscí sliogéisc a mheas. Níl Slándáil bia áireamh, meastar gur teip mhór é seo ó thaobh an phlean de. Tá gá le cuntas a thabhairt ar chóireáil fuíolluisce i limistéir cosanta sliogéisc. | Tionchar cóireála fuíolluisce i limistéir cosanta sliogéisc | PSSU2050 / MST/MC | Soiléiriú. Scrúdaíodh an baol go mbeadh tionchar ag truailliú uisce ó sceitheadh fuíolluisce ar iascach fionnuisce, inbhir agus mara, lena n-áirítear Limistéir Cosanta Sliogéisc, mar chuid den bhonnlíne don mheasúnacht timpeallacht ar an MST (féach **Alt 5 de thuarascáil an MST, Alt C.5** |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | | | | **d'Aguisín C**) agus Cuspóir an MST i leith Iascaigh agus Slatiascaireachta. Cuirtear cáilíocht uisce san áireamh freisin i gcuspóir Timpeallachta Uisce MST atá tábhachtach do chosaint a thabhairt do Limistéir Cosanta Uisce Sliogéisc. Déanfar é seo a mheas mar chuid den mheasúnú.<br>Tá UÉ freagrach as soláthar uisce a chur ar fáil agus cóireáil fuíolluisce chun tacú leis an ngeilleagar, lena n-áirítear talmhaíocht agus iascach. Meastar go bhfuil slándáil bia ina dhúshlán laistigh den bhonnlíne agus scrúdaíodh é in **Alt C.3 d'Aguisín C.** |
| 31. | An Chreat-treoir Straitéise Mara (2008/56/CE) a chur san áireamh - mar phromhspreagadh reachtaíochta | An Chreat-treoir Straitéise Mara (2008/56/CE) - phromhspreagadh reachtaíochta | Páipéar saincheistean na / PSSU2050 | Soiléiriú. Tá an Chreat-treoir Straitéise Mara (CSM), Treoir 2008/56/EC san áireamh in **Alt C.1.2 d'Aguisín C** agus tá sí curtha le **Alt 4.1.1 de Thuarascáil Timpeallachta MST agus Alt C.1.1 agus C.1.5 d'Aguisín C.** |
| 32. | Comhtháthú an Iascaigh agus na Slatiascaireachta in Alt 3.12. Tá na hábhair imní agus impleachtaí maidir le cáilíocht uisce do na hearnálacha seo an-difriúil óna chéile agus mar sin ní mór iad a mheas ar bhealach faoi leith i mbonnlíne agus todhchaí MST araon.<br>Chomh maith leis sin, ba cheart go scrúdódh tuarascáil scóipe MST na hábhair imní maidir le cáilíocht an uisce i leith an Iascaigh agus na Slatiascaireachta:<br>- Déantar an iascaireacht mhara go léir a bhainistiú faoin gComhbheartas Iascaigh, lena n-áirítear iascaireacht cois cladaigh. | Ábhair imní i leith cáilíocht uisce don Iascach agus do tSlatiascaireacht | MST | Soiléiriú. Tá comhbheartas iascaigh an AE curtha le hathbhreithniú an PPP **(Aguisín B)** agus rinneadh an téacs bonnlíne in **Aguisín C Alt C.5** chun na teorainneacha dlínse a bhaineann le hiascaigh agus slatiascaireacht a léiriú.<br>Tá Iascach agus Slatiascaireacht deighilte óna chéile faoi fho-cheannteidil chun na himpleachtaí a léiriú maidir le iascaireacht tráchtála agus dobharshaothrú faoi agus |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | - In Éirinn, meastar gurb ionann iascaireacht cladaigh agus iascaireacht stoic éisc neamh-chuóta ag báid iascaireachta mara níos lú ná 12m ar fad laistigh de 6 mhuirmhíle ó na bonnlínte. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a bhainistíonn iascaireacht dá leithéid.<br>- Tá IIÉ freagrach as iascaireacht intíre, lena n-áirítear ar aibhneacha, lochanna agus sruthanna, ach ní hamhlaidh an cás in uiscí cósta, cé go bhfuil teorainn dlínse 12 mhíle cósta acu. | | | slatiascaireacht san áireamh mar chaitheamh aimsire. |
| **Bord Iascaigh Mhara** | | | | |
| 33. | Ag féachaint ar na saincheisteanna ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí na 4 phríomhthéama braithimid gur teip mhór sa phlean gur fágadh breithnithe slándála bia ó Théama 2 - Ár dtimpeallacht a chosaint agus a athchóiriú agus Téama 3 - Tacú lenár gcustaiméirí, pobail agus an geilleagar ar lár. | Breithnithe sábháilteachta bia | Páipéar saincheistean na / PSSU2050 | Soiléiriú. Baineann na téamaí sin le gníomhaíocht atá le déanamh ag Uisce Éireann agus mar sin ní bheadh slándáil bia oiriúnach mar théama iontu mar a pléadh i n**dréacht PSSU 2050 Aguisín C**. |
| 34. | Ní mór go mbeadh an plean straitéiseach ag teacht leis an Straitéis um Fheirm go Forc | Teacht leis an Straitéis um Fheirm go Forc - comhlíontacht | Páipéar saincheistean na / PSSU2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 35. | Meastar gur phromhspreagadh reachtaíochta é gur fágadh an Chreat-treoir Straitéise Mara (CSM) 2008/56/CE ar lár agus gur cheart é a scrúdú. | Críochnú na rannóige reachtaíochta | Páipéar saincheistean na / PSSU2050 | Soiléiriú. Tá an Chreat-treoir Straitéise Mara (CSM), Treoir 2008/56/EC san áireamh cheana féin in **Alt C.1.2 d'Aguisín C** agus tá sí curtha le **hAlt 4.1.1 de Thuarascáil Timpeallachta MST agus Alt C.1.1 agus C.1.5 d'Aguisín C.**<br>Le cur san áireamh sa rannóg reachtaíochta. |
| 36. | Uiscí sliogéisc ó alt 3.8 a áireamh don MST. Ní mór é áireamh in Aguisín C freisin. | Críochnú Aguisín C | MST | Soiléiriú. Cuirtear Uiscí Sliogéisc san áireamh in **Alt C.5.1 agus i bhFíor C.20 (Aguisín C).** Tá |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | | | | liosta de na hUiscí Sliogéisc in Éirinn curtha le **hAguisín D.** |
| 37. | Bia Mara a chur san áireamh mar ghné a chuireann le turasóireacht na hÉireann in alt 3.9.5 den MST. | Críochnú | MST | Soiléiriú. Tá tagairt do thurasóireacht bia mara, go háirithe rian Taste the Atlantic, curtha leis an mbonnlíne turasóireachta **(Aguisín C, Alt C.2.5).** |
| 38. | Ba cheart Iascach agus Slatiascaireacht a choinneáil mar earnálacha ar leith. | Struchtúr an doiciméid | MST | Leasú Tá comhbheartas iascaigh an AE curtha le hathbhreithniú an PPP **(Aguisín B)** agus rinneadh an téacs bonnlíne in **Aguisín C Alt C.5** chun na teorainneacha dlínse a bhaineann le hiascaigh agus slatiascaireacht a léiriú.<br>Tá Iascach agus Slatiascaireacht deighilte óna chéile chun na himpleachtaí d'iascaireacht tráchtála agus dobharshaothrú faoi ábhar an iascaigh agus slatiascaireacht faoi chaitheamh aimsire a léiriú. |
| 39. | Rinneadh na fíricí in alt 3.12.3 a mhaolú, tugtar le fios beag "gurb iad na príomh-dhúshláin a bhaineann le hIascaireacht agus le Slatiascaireacht na nithe seo a leanas:<br>• An poitéinseal d'oibriú ionad cóireála fuíolluisce a bheith ina ghuais do shláinte an duine agus an bonn a bhaint de cháilíocht fionnuisce nó inbhir nó uisce muirí, stoc éisc agus slite beatha gaolmhara nó caitheamh aimsire agus turasóireacht; | Na príomh-dhúshláin agus an príomhdheiseanna a bhaineann le hIascaireacht agus le Slatiascaireacht: | MST | Rinneadh é a shoiléiriú agus a leasú. |
| 40. | Ba chóir an Plean Straitéiseach Náisiúnta d'Fhorbairt an Uisceshaothraithe a áireamh mar chuid den mheasúnacht charnach idirphlean. | Measúnacht charnach | MST | Leasú. Tá an Dréacht-Phlean Straitéiseach Náisiúnta le haghaidh Dobharshaothrú Inbhuanaithe a Fhorbairt curtha le |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | | | | hathbhreithniú PPP (Aguisín B) agus déanfar é a scrúdú mar chuid den mheasúnacht charnach idirphlean. |
| **An Fóram Uisce** | | | | |
| 41. | Saincheist a bhaineann le hAthrú Aeráide: Ní mór tionchar na teochta, an fhrasaíocht laghdaithe, agus an t-ardú ar leibhéal na farraige a chur san áireamh. | Athrú aeráide | Páipéar Saincheistean na | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 42. | Feasacht agus Iompraíocht: Ganntanas uisce, éifeachtúlacht uisce agus tuiscint ón mbun aníos ar uisce a chur san áireamh i gcás na saincheiste seo. | Athrú aeráide | Páipéar Saincheistean na | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 43. | Saincheisteanna nua<br>a. Fás Daonra<br>b. Trédhearcacht agus Iontaobhas | Saincheisteanna nua le cur san áireamh | Páipéar saincheistean na/ PSSU2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| **Rannóg na Timpeallachta Stairiúla:** | | | | |
| 44. | Ba cheart go soiléireodh Tábla 3.24 nach bhfuil gach sócmhainn oidhreachta thaifeadta ar thaifid na Láithreán agus na Séadchomharthaí 'ainmnithe'. | Sócmhainní oidhreachta agus taifid Séadchomharthaí | MST | Soiléiriú. Rinneadh nuashonrú ar **Alt C.8 d'Aguisín C** chun a shoiléiriú nach bhfuil gach láithreán atá san áireamh i dTaifead na Láithreán agus Séadchomharthaí ainmnithe. Tá soiléiriú breise san áireamh freisin in **Alt C.12.** |
| 45. | Ba cheart Aguisín B a shoiléiriú mar seo a leanas:<br>a. Idirnáisiúnta (lena n-áirítear)<br>i. An Coinbhinsiún chun Oidhreacht Ailtireachta na hEorpa a Chosaint (Granada, 1985)<br>ii. An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (athbhreithnithe) (Vaileite, 1992)<br>b. Trasteorann | Caomhnú agus cosaint na timpeallachta stairiúla | MST | Leasú. Cuireadh an Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Granada, 1985) agus An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (athbhreithnithe) (Vaileite, 1992) le hathbhreithniú PPP **(Aguisín B).** Tá an |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | i. An tAcht um Chosaint Long Báite 1973 – cuireann sé cosaint ar fáil do longa báite ainmnithe. Ba chóir caidreamh CH a nótáil sa tábla 'Prionsabail Chaomhnaithe' Treoir maidir le bainistíocht inbhuanaithe na timpeallachta stairiúla i dTuaisceart Éireann: https://www.communities[1]ni.gov.uk/sites/default/files/publications/communities/dfc-conversation-principles[1]guidance-sustainable-management.pdf | | | tAcht um Chosaint Long Báite 1973 san áireamh in **Aguisín B**. |
| **An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | | | | |
| 46. | Cé nár cuireadh críoch ar fad leis, síníodh Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023 ina dhlí, ba cheart tagairtí don reachtaíocht seo a nuashonrú chun an méid seo a léiriú i ngach áit. | Reachtaíocht nuashonraithe | MST | Soiléiriú. Rinneadh nuashonrú ar Acht na hOidhreachta Stairiúla<br>agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023 in athbhreithniú PPP (**Aguisín B**). |
| 47. | Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh i dTábla 3.1:<br>· Tionchair dhíreacha (baint) maidir le láithreáin, gnéithe agus déantúsáin seandálaíochta talún agus faoi uisce, bídís aithnid nó anaithnid roimhe seo.<br>· Tionchair ar shocruithe maidir le láithreáin oidhreachta seandálaíochta agus cultúir. | Tionchar ar oidhreacht seandálaíochta agus chultúrtha | MST | Soiléiriú. Tá tionchair dhíreacha (baint) maidir le láithreáin, gnéithe agus déantúsáin seandálaíochta talún agus faoi uisce, bídís aithnid nó anaithnid roimhe seo, agus tionchair ar thimpeallachtaí na láithreán oidhreachta seandálaíochta agus cultúrtha curtha mar thionchar féideartha timpeallachta le **Tábla 5.1** de thuarascáil Timpeallachta an MST. |
| 48. | Níor cheart láithreáin seandálaíochta faoi uisce a chur san áireamh le 'láithreáin seandálaíochta anaithnide' chun críocha an MST. | Láithreáin seandálaíochta faoi uisce | MST | Soiléiriú. Rinneadh Seandálaíocht Faoi Uisce agus Seandálaíocht Anaithnid a dheighilt de ghrá na soiléireachta (féach **Alt C.8.1 in Aguisín C**). |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| 49. | Ba cheart ceannteideal thábla 3.10 a athrú mar seo a leanas: Contae; Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna; Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí; Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta. | Cur i láthair sonraí | MST | Soiléiriú. Ceartaíodh **Tábla C.16 (3.10 roimhe seo)** chun na foinsí faisnéise atá san áireamh a léiriú agus rinneadh nuashonrú ar na sonraí go dtí 2023.<br>(Nóta: baineadh colún sheirbhís na séadchomharthaí náisiúnta) |
| 50. | Molann an Roinn gur cheart go ndéanfadh na dúshláin tagairt shoiléir do láithreáin seandálaíochta talún agus faoi uisce araon sna 'Príomhbhreithnithe do PSSU 2050 agus don MST'.<br>Ina theannta sin, cé go mb'fhéidir go mbreathnófaí ar fhionnachtain/aithint láithreán agus déantán seandálaíochta anaithnid roimhe seo mar dheis, sa mhéid is go gcuirfeadh sé lenár n-eolas ar an am atá caite, ba cheart tagairt shoiléir do 'damáiste' a fhágáil ar lár. | Príomhbhreithnithe ar láithreáin seandálaíochta | MST | Soiléiriú. Rinneadh soiléiriú ar **Alt C.8.4** chun tagairt shonrach a dhéanamh do láithreáin talún agus faoi uisce agus baineadh tagairt don damáiste ón rannóg Deiseanna. |
| 51. | Ba cheart Tábla 3.26 a athbhreithniú mar seo a leanas: Na dúshláin: Tá seans ann go gcuirfidh forbairt bonneagair agus obair thógála isteach ar oidhreacht chultúrtha agus ar sheandálaíocht agus ar ailtireacht, as siocair caillteanas díreach nó cur isteach ar an suíomh ina bhfuil siad. Déanmhais agus suíomhanna abhann agus cois cósta go mór mór D'fhéadfaí sócmhainní seandálaíochta a chailleadh má chuireann astarraingt as do bhogaigh agus do dhobharlaigh eile.<br>Deiseanna: A bheith cáiréiseach maidir le gníomhaíochtaí bonneagair nua a lonnú agus a thógáil sa tsúil le tacú le caomhnú sruthchúrsaí, bogaigh agus ithreach agus b'fhéidir láithreáin is ábhar spéise ó thaobh na seandálaíochta iad a chaomhnú, leis. | Cur i láthair sonraí | MST | Soiléiriú. Rinneadh **Tábla C.25 (3.26 roimhe seo) (Aguisín C)** a nuashonrú leis an téacs molta. |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| **Iascaigh Intíre Éireann** | | | | |
| 52. | Míreanna tosaíochta don IIÉ atá le scrúdú:<br>- Básmhaireacht Speiceas<br>- Caillteanas/Ilroinnt Gnáthóige agus Bacainní ar Ghluaiseacht:<br>- Corraíl<br>- Athruithe ar Cháilíocht an Uisce<br>- Athruithe ar an Hidreolaíocht:<br>- Cúrsaí hidreolaíochta<br>- Speicis Neamhdhúchasacha a Aistriú<br>- Cosaint foinse<br>- Sceitheadh ó Ionad Cóireála Uisce<br>- Beartú tosaíochta Maoinithe<br>- Comhlíontacht Timpeallachta Líonra Fuíolluisce & Tuile Séarachais<br>Cás Infheistíochta<br>- Éagsúlacht Bhitheolaíoch Uisceach agus Pleanáil Inbhuanaithe<br>- Astarraingtí uisce | Measúnacht tionchair – ar uisce agus bithéagsúlacht | MST | Soiléiriú. Déanann tuarascáil Timpeallachta MST na cineálacha gníomhaíochtaí a bhaineann leis an PSSU agus na tionchair timpeallachta fhéideartha a d'fhéadfadh tarlú ina measúnacht a scrúdú. Tugann **Tábla 5.1** achoimre ghinearálta ar na tionchair fhéideartha seo, lena n-áirítear, Mortlaíocht Speiceas, Caillteanas/Ilroinnt Gnáthóg agus Bacainní ar Ghluaiseacht, Suaitheadh, Athruithe ar Cháilíocht Uisce, Athruithe ar Hidreolaíocht, Aistriú Speiceas Neamhdhúchasach, Tionchair ar Éiceolaíocht Uisceach, Sceitheadh ó Ionad Cóireála Uisce agus Astarraingt Uisce. |
| **An Coimisiún um Rialáil Fóntais** | | | | |
| 53. | Beidh rannpháirtíocht luath agus dea-phleanáilte le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara ábhartha ar shaincheisteanna tábhachtacha amhail rolladh amach bonneagair, caomhnú agus oiriúnú don athrú aeráide ríthábhachtach chun na cuspóirí a bhaint amach. | Rannpháirtíocht luath le custaiméirí | PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| 54. | Ba chóir d'Uisce Éireann béim láidir a leagan in PSSU 2050 ar na feabhsuithe a theastaíonn maidir le sonraí agus faisnéis faoi shláinte a chuid sócmhainní ar fud a chuid infheistíochtaí agus a bhoinn eolais ar fad. Is iad sin feabhsuithe ar infhaighteacht an eolais sin, ar rochtain air, agus ar bhailiú agus sainscagadh sonraí láidre. | Feabhsúcháin ar infhaighteacht agus ar rochtain ar shonraí | PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 55. | Déanann an Dréacht-Ráiteas Beartais um Sheirbhís Uisce (PSSU) tagairt do thrí phríomhchuspóir, is é sin (i) Infhaighteacht agus Iontaofacht (ii) Sábháilteacht agus Cáilíocht (iii) Inbhuanaitheacht. Bheadh sé tairbheach deimhin a dhéanamh de go bhfuil na cuspóirí seo i gcomhréir le PSSU 2050 mar atá molta ag Uisce Éireann. | Cuspóirí | PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 56. | Ní mór na míreanna seo a leanas a mheas sa pháipéar saincheisteanna:<br>a. Oiriúnú don aeráid<br>b. Athruithe ar dhaonra na hÉireann sna 25 bliana atá romhainn<br>c. Caomhnú uisce<br>d. Gníomhaíocht gheopholaitiúil<br>e. Tá deis ann d'UÉ mar an t-aon soláthraí seirbhísí do lear mór daoine<br>f. Mí-úsáid bonneagair séarachais/uisce<br>g. Éileamh fuinnimh agus athrú ar an éileamh | Saincheisteanna le scrúdú | Páipéar Saincheisteanna | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |
| 57. | Chomh maith leis sin, ba chóir go gclúdódh an téama "Tacaíocht dár gcustaiméirí, dár bpobail agus don gheilleagar" an tábhacht a bhaineann le cumarsáid | Cumarsáid shoiléir | Páipéar Saincheisteanna | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |

| Uimhir thráchta | Nóta tráchta aighneachta | Téama | Cáipéisí | Gníomhaíocht/Freagairt |
|---|---|---|---|---|
| | shoiléir le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara araon. | | | |
| 58. | Ba cheart an méid thíos a mheas maidir leis an PSSU a fhorbairt:<br>a. Foghlaim ón gcleachtas idirnáisiúnta is fearr<br>b. Tuilleadh léargais agus foghlama a lorg ó sholáthraithe seirbhísí riachtanacha eile<br>c. Leibhéil mhéadaithe comhoibrithe le soláthraithe bonneagair eile chun éifeachtúlacht a chinntiú d'fhorbróirí agus d'úsáideoirí deiridh. | Saincheisteanna le scrúdú | PSSU 2050 | Tugadh aghaidh air i ndréacht PSSU 2050 mar a pléadh i **ndréacht PSSU 2050 Aguisín C** |